

AN CAILÍN CIÚIN (12A)

I bPÍCTIÚRLANNA AR FUD NA TÍRE ÓN AOINE AN 12 BEALTAINE

A Mhúinteoir, a chara,

Tá an-áthas orainn eisiúint fadscannáin Gaeilge, **An Cailín Ciúin**, a fhógairt (deimhniú 12A).

Is dráma casta íogair faoi theacht in aois é AN CAILÍN CIÚIN, bunaithe ar an scéal *Foster* le Claire Keegan a fuair ardmholadh go fairsing, ina ndéantar ceisteanna faoi chúrsaí teaghlach, faillí agus caillteanas a chíoradh trí shúile a príomhphearsa óig. Cailín naoi mbliana d'aois í Cáit (Catherine Clinch), duine de theaghlach mór mífheidhmiúil. Cuirtear chuig gaolta a máthar í chun cónaí leo don samhradh. Cuireann Eibhlín (Carrie Crowley) fáilte mhór chroíúil roimpi, ach coinníonn a fear céile (Andrew Bennett) fad a sciatháin uaidh í. Diaidh ar ndiaidh, cothaítear dáimh sa teaghlach ionaid seo agus tagann Cáit i mbláth faoina gcúram. Ach sa teach seo atá in ainm is a bheith ina tearmann gan rúin, tugann sí an fhírinne shearbh chun solais.

Is é AN CAILÍN CIÚIN an chéad fadscannán leis an scríbhneoir/stiúrthóir Colm Bairéad agus an léiritheoir Cleona Ní Chrualaoi ó Inscéal. Fís Éireann, TG4 agus Údarás Craolacháin na hÉireann a mhaoinigh an scannán seo mar chuid de scéim Cine4. Rinneadh scannánú ar an láthair sa Mhí agus i mBaile Átha Cliath sa bhliain 2020.

Tá éacht nach beag bainte amach ag an scannán agus seacht ngradam de chuid Acadamh Scannánaíochta agus Teilifíse na hÉireann bronnta air ag searmanas gradam IFTA a bhí ar siúl le gairid, lena n-áirítear AN SCANNÁN IS FEARR, AN STIÚRTHÓIR IS FEARR agus AN tAISTEOIR MNÁ IS FEARR. Is éard a dúirt The Business Post, "*D'fhéadfadh sé gurb é an scéal séimh fíorchorraitheach seo faoi theacht in aois an scannán Gaeilge is fearr dá ndearnadh riamh*".

Tá roinnt mhaith taispeántí le bheith ar siúl againn do leanaí 12 bhliain d'aois agus níos sine a bheidh oiriúnach do scoileanna

Príomhphointí is inspéise:

- Úsáid na Gaeilge** i scéal teacht in aois atá déanta go hálainn, a mheallann lucht féachana comhaimseartha agus a chuireann faoi dhraíocht iad
- Coiriú ar úrscéal leis an údar Éireannach Claire Keegan a bhfuil gradaim buaite aici** Áiríodh *Foster* ar churaclam na scoile agus léitear go fóill é san Idirbhliain
- Oideachas carachtair** - léargas ar shaol cailín óig agus a teaghlach faoin tuath in Éirinn sna hOchtóidí

Eiseofar AN CAILÍN CIÚIN ar fud na tíre Déardaoin an 12 Bealtaine agus tá áthas orainn go mbeimid á chur ar scáileán i bpictiúrlann i do cheantar. Más spéis leat féin nó le duine ar bith de do chomhghleacaithe áirithint le haghaidh 40+ dalta a dhéanamh, is féidir linn é sin a shocrú duit le foireann do phictiúrlainne áitiúla.

Roimh eisiúint oifigiúil an scannáin, is féidir réamhamhairc príomháideach a thaispeáint do ghrúpaí móra

Ná bíodh drogall ort teagmháil a dhéanamh liom más rud é go bhfuil ceisteanna eile agat faoin scannán.

Bheinn sásta thú a chur i dteagmháil le foireann na pictiúrlainne is gaire duit chomh maith d'fhonn d'áirithint a shocrú.

Is mise le meas,

Emma Fagan

Breakout Pictures

085 8183340 emfagan@gmail.com

D'fhonn léargas a thabhairt ar ghlacadh an lucht féachana leis *AN CAILÍN CIÚIN*, tá roinnt léirmheasanna ó nuachtáin curtha isteach againn, ina léirítear na freagairtí dearfacha a mhúscail an scannán.



CURZON

“Scannán nua Éireannach ar leith amach is amach”

The Irish Times

★★★★★

[RTE](#)

★★★★★

Irish Independent

★★★★★

The Sunday Business Post

